
# Tréimhsí Stairiúla Ceoil

Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

## Meánaoiseach
Suas go 1450



Hildegard Machaut Dufay




Cuimsíonn **Ceol meánaoiseach** ceol naofa agus tuata Iarthar na hEorpa le linn na Meánaoiseanna, ó thart ar an 6ú haois go dtí an 15ú haois.

## Renaissance
c1450 – c1600



Palestrina Byrd Monteverdi

**An Renaissance**, focal a chiallaíonn '*athbheochan*', ba thráth é a raibh spéis as an úr san fhoghlaim agus sa chultúr. Aois fiosrúcháin eolaíochta, taiscéalaíochta agus fionnachtana a bhí ann.



## Barócach
c1600 - c1750



Vivaldi Handel Bach

**Barócach**, ón bhfocal 'barroco', a úsáideadh den chéad uair chun cur síos a dhéanamh ar stíl ailtireachta agus ealaíne an-ornáideach sa 17ú haois.



## Clasaiceach
c1750 - c1810



Haydn Mozart Beethoven

**Clasaiceach**, ón bhfocal '... ', cuireann sé síos ar stíl a thugann tábhacht do ghrásta agus simplíocht, áilleacht líne agus chrutha, cothromaíocht agus comhréir.



## Rómánsach
c1810 - c1910



Berlioz Tchaikovsky Schumann




**Rómánsach,** a úsáideadh den chéad uair chun cur síos a dhéanamh ar smaointe nua san ealaín, sa cheol agus sa litríocht san 18ú haois. Bhíodh an bhéim ar léiriú mothúchánach, a spreagtaí ag an dúlra, an tsamhlaíocht agus an fhantaisíocht.

## Comhaimseartha
c1910 ar aghaidh



Schoenberg Stravinsky Reich



Tá **an 20ú hAois** ina tréimhse thaiscéalaíochta agus thurgnamhaíochta den chuid is mó, as a dtagann éagsúlacht treochtaí nua, teicnící agus fuaimeanna nua.

CC BY NC

# Meánaoiseach

## Suas go 1450




Hildegard



Machaut



Dufay




Cuimsíonn **Ceol meánaoiseach** ceol naofa agus tuata Iarthar na hEorpa le linn na Meánaoiseanna, ó thart ar an 6ú haois go dtí an 15ú haois.

- Forbraíodh luathchóras nodaireachta le haghaidh ***Cantaireacht eaglasta***
- Bhaintí úsáid as córas speisialta scálaí ar a dtugtaí ***Modhanna***
- Scríobhtaí ceol i ***Neoim***
- Tháinig ***Orgánam*** chun cinn trí línte a chur leis an gcantaireacht eaglasta a bhíodh ann cheana féin: ***Comhthreomhar, Saor agus Meiliosmatach***
- ***Cantus Firmus***: nuair a d'úsáidtí séis chantaireacht eaglasta mar bhunús leis an bpíosa
- In ***Armóin*** luath d'úsáidtí ***Comh-airde, $4^{th}$, $5^{th}$ & 8ve***
- Chloistí ***3rds & 6ths*** níos déanaí sa tréimhse
- ***Uigeacht:*** chuirtí snáitheanna ceoil ar leith i gcodarsnacht lena chéile, seachas iad a chumasc le chéile
- Ba iad na ***Trúbadóirí*** a chumadh *amhráin agus damhsaí* (***Estampie, Saltarello***)
- An uair is luaithe ***a cuireadh ceol leis an Aifreann iomlán***
- ***Tondathanna sainiúla na ngléasanna meánaoiseacha***

Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers
BY NC

# Renaissance

c1450 – c1600



Palestrina Byrd Monteverdi

**An Renaissance**, focal a chiallaíonn '*athbheochan*', ba thráth é a raibh spéis as an úr san fhoghlaim agus sa chultúr. Aois fiosrúcháin eolaíochta, taiscéalaíochta agus fionnachtana a bhí ann.



- Níos mó suime in amhráin shaolta (***..., Foinn, Loinneoga***), damhsaí (,) agus píosaí ceol uirlise (***Fantaise, Breachnuithe***)
- Ba iad na príomhfhoirmeacha de cheol na hEaglaise fós ***an tAifreann*** agus ***an Móitéit***
- Úsáidíodh ***seachtráin*** leis na modhanna
- Rinneadh luathfhorbairt ar an ***gCliathnodaireacht***
- D'úsáidtí ***séiseanna saolta agus tíre*** freisin mar Cantus Firmus i gceol córúil
- Dhéantaí an fhuaim a chumasc trí chordaí simplí (homafónacha) a úsáid nó trí na snáitheanna a fhí isteach i sreabhadh leanúnach (ilfhónach) m.sh., rinneadh gléas tábhachtach cumadóireachta den ***aithris***
- Tugadh níos mó airde ar éifeacht armónach chordaí seachas séis amháin a fhorleagan ar cheann eile
- Bunaíodh ***tacair*** (grúpaí ionstraimí) ar nós ***Víolanna***, ***Crumhorns***, agus ***Fliúiteanna Sasanacha***



cc BY NC

# Barócach
## c1600 - c1750



Vivaldi Handel Bach

**Barócach**, ón bhfocal 'barroco', a úsáideadh den chéad uair chun cur síos a dhéanamh ar stíl ailtireachta agus ealaíne an-ornáideach sa 17ú haois.



- De réir a chéile tháinig ***córas Mór-Mion-ghléasanna*** in ionad modhanna
- Ba é an ***Basso Continuo*** / ***Dord figiúrtha*** a ba bhunús leis an gcuid is mó de na cineálacha ceoil
- Gléas a d'úsáidtí go coitianta ab ea ***Bonndord***
- Uigeacht /***Ilfhónach*** den chuid is mó a d'úsáidtí
- Bhíodh téaduirlísí mar bhunús leis an gceolfhoireann, agus líon an cruitchlár nó an t-orgán na harmóiní os cionn an doird fhigiúrtha. Bhaintí úsáid ócáideach as fliúiteanna Sasanacha, fliúiteanna, óbónna, coirn, trumpaí agus / nó timpani
- D'úsáideadh ***séiseanna fada, líofa, Ornáidíocht*** (**Tríleach**, ***Creimnóta***), ***Aithris*** (***Fiúga***), agus **Seichimh**
- Leanann giúmar amháin ar fud an phíosa
- ***Rithimí cosúil le mótair*** a thiomáineann an ceol ar aghaidh
- ***Dinimic Shraithe:*** codarsnacht idir ard agus bog, in úsáid ar fud an phíosa. Gan crescendo nó diminuendo a bheith ann
- ***Codarsnacht tondathanna uirlise*** m.sh., coinséartónna
- Foirmeacha a d'úsáidtí: ***Dénártha, Trínártha, Fiúga, Ritornello*** agus ***Breachnuithe***
- Ceol gutha: ***Áiria, Cantáid, Córáil, Ceoldráma, Oratóir*** agus ***Ceolreacaireacht***
- Ceol Uirlise: ***Mórchoinséartó, Coinséartó aonair, Sraith Sonáidí Trípháirteacha*** *agus* ***Réamhcheol***

Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers
CC BY NC

# Clasaiceach
c1750 - c1810



Haydn Mozart Beethoven


**Clasaiceach,** ón bhfocal '*classicus* ', cuireann sé síos ar stíl a thugann tábhacht do ghrásta agus simplíocht, áilleacht líne agus chrutha, cothromaíocht agus comhréir.




- Béim ar ***chomhréir*** agus ar ***chothromaíocht*** a chuireadh bhonn eolais faoi chruth agus faoi struchtúr an cheoil
- ***Séiseanna níos giorra*** le fócas ar ghrásta agus ar áilleacht na líne a chruthaítí trí dhúntaí agus frásaí follasacha
- ***Crescendo*** agus ***Diminuendo*** a úsáidtear anois
- Tháinig an Pianó in áit an Chruitchláir agus ***rinneadh*** rannóg ghlanscartha de na ***gaothuirlisí adhmaid.*** D'úsáidtí coirn chun tacaíocht armónach a chur ar fáil
- Éiríodh as úsáid an Continuo i ndiaidh tamaill agus d'úsáidtí tionlacan ***Alberti Bass*** go forleathan
- Uigeacht ***homafónach den chuid is mó*** mar gur ghnách leis an gceol a bheith níos éadroime agus gan a bheith chomh casta. Lean cumadóirí ar aghaidh ag úsáid roinnt ilfhóine agus cuntraphointe
- D'fhorbair ***Foirm Shonáideach***, a d'úsáidtí go forleathan i gceol ceolfhoirne agus I gceol uirlise
- Ba iad na príomhchineálacha ceoil den chuid is mó
- Ceol uirlise: ***Siansa, Ceathairéada téadacha, Tríréad, Nóntraí, Coinséartó Clasaiceach, Sonáid***
- Ceol Gutha: ***Aifreann*** agus ***Ceoldráma***

Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers
CC BY NC

# Rómánsach
## c1810 - c1910



Berlioz Tchaikovsky Schumann



**Rómánsach,** a úsáideadh den chéad uair chun cur síos a dhéanamh ar smaointe nua san ealaín, sa cheol agus sa litríocht san 18ú haois. Bhíodh an bhéim ar léiriú mothúchánach, a spreagtaí ag an dúlra, an tsamhlaíocht agus an fhantaisíocht.

- ***Saoirse foirme níos mó*** **a mbíodh oibreacha ar mhórscála mar thoradh uirthi**
- Níos mó béime ar ***léiriú mothúchán***, mothúcháin dhiana agus féinléiriú
- ***Modhnúcháin*** Eachtrúla, ***Harmóin níos saibhre***, go minic ***Crómatach***, le húsáid dhrámatúil ***Díchordaí***
- ***Séiseanna liriciúla amhrán***
- Ceol ***cláir***
- Úsáid an ***Idée Fixe*** (Berlioz) / ***leitmóitíf*** (Wagner)
- ***Uigeachtaí níos dlúithe*** le codarsnachtaí suaithinseacha drámatúla dinimice, airde agus tondathanna
- ***Ceolfhoireann*** níos mó agus ***níos leathnaithe*** mar gheall ar
  - rannóga Téaduirlisí agus Gaothuirlisí níos mó
  - aireagán chóras na gcomhlaí sna Práis
  - cnaguirlisí níos éagsúla agus níos ildaite agus
  - raon leathnaithe an Phianó
- ***Rímháistreacht theicniúil níos mó***
- Ceol Gutha: ***Lied, Ciogal Amhrán, Ceoldráma***

  Ceol Uirlise: ***Réamhcheol ceolchoirme, Dán Siansach, Siansa an Chláir***


  Pianó: ***Nochtraí, Étude, Impromptu, Masúrca, Polánais***

Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers
BY NC

# Comhaimseartha
## c1910 ar aghaidh



Schoenberg Stravinsky Reich



Tá **an 20ú hAois** ina tréimhse thaiscéalaíochta agus thurgnamhaíochta den chuid is mó, as a dtagann éagsúlacht treochtaí nua, teicnící agus fuaimeanna nua.

- I measc na ***Séiseanna*** díchuingeacha, ar minic uilleach agus snagach iad, tá léimeanna leathana le heatraimh chrómatacha agus dhíshonacha. D'fhéadfadh tábhacht thánaisteach a bheith leis an tséis
- Is dócha go n-áireoidh ***armóin*** díshonacht fhoircneach. Úsáidtear ***nótbhraislí*** uaireanta
- D'fhéadfadh ceol a bheith ***Atonúil*** nó ***Iltonach***. Is minic a chum cumadóirí a gcórais féin in áit ***Tonúlachta***
- ***Rithimí*** bríomhara go minic le haicinn seachbhuille. ***Méadair Neamhghnácha, Neamhrialta*** agus úsáidtear ***Ilmhéadar*** uaireanta agus a athraítear go minic
- Teaglamaí neamhghnácha ***Tondathanna***. Is minic a sheinntear uirlisí go tréan ag foircinn a raoin. Fuaimeanna neamhchoitianta uaireanta ó uirlisí aithnidiúla
- Úsáid ***Leictreonaice*** agus ***Teicnící Ceol Uirlise nua***
- Áirítear ar na stíleanna, treochtaí agus teicnící is tábhachtachaí: ***Impriseanachas, Náisiúnachas, Nuachlasaiceachas, Íostachas, Srathachas, Musique Concrète, Ceol Seansúil, Ceol leictreonach...***

Oide Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

cc BY NC